#GAAgaeilge
CUAILLE
#GAAgaeilge
AIBREÁN 2026
Supermac's

Clár

Teachtaireacht ó Uachtarán CLG, Iarlaith Ó Broin 3

Teachtaireacht ó Chathaoirleach Choiste Náisiúnta na Gaeilge, Áine Uí Choinn 4

Do Threibh, Do Chontae 5

Peileadóir na Gaillimhe, Seán Ó Maoilchiaráin, ceaptha ina Ambasadóir Gaeilge CLG do 2026 6

Declan Hannon - Laoch Luimnigh 7

Na Gaiscígh: Mickey Linden – Droichead Mhaigh Eo agus An Dún 9

Glór Mhichíl Uí Mhuircheartaigh á thabhairt ar ais chuig daoine a bhfuil néaltrú orthu an athuair tríd an Replay 10

10 X Ceist #GAAgaeilge Oraibh! 11

An tarraingt déanta do Chomórtas Náisiúnta Peile na Gaeltachta 2026 13

Cuimhní maithe ag Fergal Whitely ar a ról mar Ambasadóir Gaeilge CLG 15

Clárúchán do Scéim Chontae FSMD oscailte 17

CLG: Gluaiseacht á cur ar bun – podchraoladh nua Chumann Lúthchleas Gael 19

Corn Mhichíl Uí Mhuircheartaigh ag triall ar Shléibhte Maorga Dhún na nGall 20

Aimsigh Sárimreoirí Peile 2025 23

Os cionn 300 peileadóir óg páirteach sna GAAgaeilge Go Games i bPáirc an Chrócaigh 24

Na duaiseanna roinnte ag Scór na nÓg 2025 25

Crosfhocal 28

An Poc ar Buile 29

Éadan Doire buacach ag Babhta Ceannais Thráth na gCeist Gaeilge 2026 30

Freagraí 33

Teachtaireacht an Uachtaráin

A chairde,

Cúis mhór áthais dom fáilte a chur romhaibh mar Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael chuig an eagrán is déanaí seo de 'Cuaille' – iris Ghaeilge Chumann Lúthchleas Gael. Is gné fíorthábhachtach í an Ghaeilge d'obair an Chumainn agus is rud í atá an-ghar do mo chroí féin.

Tugann rudaí ar nós na hirise seo deis dúinn an Ghaeilge a shníomh isteach go nádúrtha inár gcuid cluichí agus inár gcuid gníomhaíochtaí. Tá nasc láidir idir ár gcluichí agus an Ghaeilge agus tá an t-ádh orainn mar Chumann go bhfuil an Ghaeilge ag an oiread ball agus imreoirí agus atá.

Níl Seachtain na Gaeilge i bhfad thart fán am seo agus ábhar mór bróid dom an oiread ball agus clubanna a ghlac páirt san fhéile mhór náisiúnta Ghaeilge seo. Ghlac go leor clubanna agus baill páirt inti mar chuid d'Fhondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha agus cuid eile as a stuaim féin. Scéim iontach í an Fhondúireacht a thugann deis do chlubanna clár oibre struchtúrtha a fhorbairt don Ghaeilge ina gcuid clubanna agus mholfainn do gach club clárú léi.

Ná stopaimis lenár gcuid iarrachtaí an Ghaeilge a chur chun cinn inár gCumann de bharr Seachtain na Gaeilge a bheith thart. Bíodh gach seachtain ina 'Seachtain naGaeilge' againn.

Na déanaimis dearmad go dtig linn coinneáil suas chun dáta leis an nuacht is déanaí i dtaca leis na cluichí agus imeachtaí eile de chuid an Chumainn ar rannóg Ghaeilge Shuíomh Idirlín Chumann Lúthchleas Gael, áit a bhfuil neart acmhainní agus tacaíochtaí Gaeilge le fáil go héasca, fosta.

San eagrán is déanaí seo de 'Cuaille', gheobhaidh sibh na míreanna rialta 'Ár gCluichí, Ár Laochra', crosfhocal, nuacht faoinár bpodchraoladh nua, chomh maith le gné-ailt éagsúla agus go leor eile. Tá rud inteacht ann d'achan duine beag beann ar chumas Gaeilge agus ar aois!

Tá an laoch iomána de chuid Átha Cliath, Fergal Whitely, ina Ambasadóir Gaeilge de chuid CLG le beagán os cionn bliana anuas agus gabhaim buíochas leis as ucht na tacaíochta agus an chuidithe a thug sé dúinn le linn na bliana do chlár oibre Gaeilge an Chumainn. Bhí an-áthas orainn a fhógairt le cúpla lá anuas gurb é Seán Ó Maoilchiaráin, Gaillimh, Ambasadóir nua Gaeilge CLG do 2026 agus guím gach rath air sa ról nua.

Tá súil agam go mbainfidh sibh sult as an eagrán seo de Chuaille.

Labhraímis í agus mairfidh sí!
Iarlaith Ó Broin
Uachtarán
Chumann Lúthchleas Gael

Teachtaireacht ó Áine Uí Choinn

A chairde,

Thar ceann Choiste Náisiúnta na Gaeilge ba mhaith liom fáilte a chur romhaibh uilig chuig an eagrán is déanaí seo de 'Cuaille', iris Ghaeilge Chumann Lúthchleas Gael. Tá súil agam go mbainfidh sibh sult agus tairbhe as na míreanna éagsúla atá in eagrán na ráithe seo.

Tá go leor i ndiaidh tarlú ó bhí eagrán deireanach Cuaille ann i mí na Nollag seo caite. Bhí Babhta Ceannais Thráth na gCeist Gaeilge ar siúl i bPáirc an Chrócaigh i mí an Mhárta mar chuid de Sheachtain na Gaeilge agus bhain na clubanna uilig ar éirigh leo na babhtaí ceannais a bhaint amach sult mór as an ócáid. Ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh le buaiteoirí an chomórtais sin, CLG Éadan Doire.

Seoladh podchraoladh nua Chumann Lúthchleas Gael, CLG: Gluaiseacht á cur ar bun, le gairid fosta agus tá mé cinnte go mbeidh an acmhainn seo ina chuidiú mór ag ní hamháin lucht na hArdteistiméireachta ach acu siúd a bhfuil suim acu i gcúrsaí staire na tíre seo chomh maith.

Tá tréimhse iontach gnóthach ag teacht suas do Choiste Náisiúnta na Gaeilge sna seachtainí atá amach romhainn. Bhí an-áthas orainn fáilte a chur roimh Sheán Ó Maoilchiaráin, Gaillimh, mar Ambasadóir na Gaeilge ag ócaid i bPáirc an Chrócaigh le gairid. Bhí Go Games Gaeilge ar siúl i bPáirc an Chrócaigh, fosta, áit a dtáinig na céadta páiste le chéile as ceantair Ghaeltachta agus as clubanna lán-Ghaeilge.

Ina dhiaidh sin, beidh Comórtas Peile na Gaeltachta ar siúl i gCill Chartha i nGaeltacht Thír Chonaill agus tá súil againn go mbeidh Leabhrán Téarmai na gCluichí Gaelacha réidh faoin tráth sin fosta.

Idir an dá linn, bainigí taitneamh as Cuaille. Tá rud inteacht ann d'achan duine idir lucht an chúpla focal, lucht na Gaeilge briste agus lucht na Gaeilge cliste. Tá gné-ailt, nuacht, cuardach focal, 'Ár gCluichí, Ár Laochra' agus go leor eile le fáil in eagrán na ráithe seo.

Beirigí bua,
Áine Uí Choinn
Cathaoirleach
Choiste Náisiúnta na Gaeilge, CLG

Do Threibh, Do Chontae

Téann muid timpeall na tíre anseo agus breathnaíonn muid ar chuid de na laochra iomána.

LAIGHIN

Áth Cliath - Brian Hayes
An Mhí – James Toher
Cill Chainnigh – TJ Reid
Cill Dara – Jack Sheridan
Ceatharlach – Donagh Murphy
Lú – Darren Geogheghan
CIll Mhantáin – Pádraig Doran
Loch Garman – Lee Chin
Laois – Aaron Dunphy
Uíbh Fhailí – Adam Screeney
An Longfort – Martin Farrell
An Iarmhí – David Williams

ULAIDH

Muineacháin – Niall Arthur
An Cabhán – Seán Keating
Dún na nGall – Gerard Gilmore
An Dún – Pearse Óg McCrickard
Doire – Shea Cassidy
Ard Mhacha – Peter McKearney
Tír Eoghain – Ciarán Magill
Aontroim – Seaan Elliot
Fear Manach – Éamon Óg Magee

CONNACHTA

Gaillimh – Cathal Mannion
Maigh Eo – Ryan Duffy
Ros Comáin – Conor Morris
Sligeach – Gerard O'Kelly Lynch
Liatroim – Seán O'Riordan

AN MHUMHAIN

Ciarraí – Shane Conway
Corcaigh – Darragh Fitzgibbon
Luimneach – Cian Lynch
An Clár – Tony Kelly
Tiobraid Árann – Jake Morris
Port Láirge – Dessie Hutchinson

LONDAIN

Paul Kennedy

NUA-EABHRAC

David Mangan

Peileadóir na Gaillimhe, Seán Ó Maoilchiaráin, ceaptha ina Ambasadóir Gaeilge CLG do 2026

Ambasadóir Gaeilge CLG 2026, Seán Ó Maoilchiaráin le hAmbasadóir Gaeilge CLG 2025, Fergal Whitely

Fógraíodh ag ócáid i bPáirc an Chrócaigh le gairid gurb é peileadóir na Gaillimhe, Seán Ó Maoilchiaráin, a bheidh mar Ambasadóir na Gaeilge ag Cumann Lúthchleas Gael do 2026. Tá an Ghaeilge an-tábhachtach do Sheán, ar as Inis Mór dó, agus tá sé ag súil go mór leis an ról mar Ambasadóir Gaeilge CLG. Mar chuid den ról beidh Seán ag tacú le scéimeanna agus le hócáidí Gaeilge de chuid an Chumainn ar nós Cuaille (iris Ghaeilge ar líne an Chumainn), Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha, podchraoladh nua staire CLG, CLG – Gluaiseacht á cur ar bun, Comórtas Peile na Gaeltachta i measc rudaí eile.

Ag an seoladh i bPáirc an Chrócaigh inniu chuir Cathaoirleach Choiste Náisiúnta Gaeilge Chumann Lúthchleas Gael, Áine Uí Choinn, fáilte roimh Sheán chuig an ról agus ghuigh sí gach rath air don bhliain amach romhainn.

Dúirt Seán, múinteoir meánscoile i gColáiste Bhaile Chláir i mBaile Chláir na Gaillimhe, gur mhór an onóir a bhí ann dó a bheith mar Ambasadóir na Gaeilge agus go raibh sé ag súil go mór leis an mbliain amach roimhe. Tá sé ag súil, freisin, le daoine a spreagadh lena gcuid Gaeilge a labhairt le linn na bliana.
Ó d'imir Seán le Gaillimh don chéad uair thiar sa bhliain 2018, tá dornán de Chraobhacha Sinsear Chonnacht buaite ag réalta Oileáin Árann le Gaillimh.

Tá Cumann Lúthchleas Gael ag súil go mór le bheith ag obair le Seán don bhliain amach romhainn. Tagann Seán sna sála ar pheileadóir na Gaillimhe, Paul Conroy, a bhí mar Ambasadóir Gaeilge ar CLG i 2022, ar iománaí an Chláir, Paul Flanagan, a bhí mar Ambasadóir na Gaeilge i 2023, ar Sheán O'Shea, Ciarraí, a bhí mar Ambasadóir na Gaeilge do 2024 agus Fergal Whitely, Áth Cliath, a bhí mar Ambasadóir na Gaeilge i 2025.

Tuilleadh eolais: Jamie Ó Tuama, Oifigeach Forbartha na Gaeilge, on 087 9505695 / jamie.otuama@gaa.ie

Declan Hannon - Laoch Luimnigh

Le Aedín Ní Bhriain



Declan Hannon ag ardú Chorn Liam Mhic Cárthaigh thar ceann Luimnigh i 2018

D'fhógair, Declan Hannon, Laoch Luimnigh ó CLG Áth Dara, go raibh sé ag éirí as an iománaíocht idirchontae i mí Dheireadh Fómhair seo caite.

'Bhí sé ar cheann de na honóracha is mó i mo shaol geansaí Luimnigh a chaitheamh,' a dúirt sé ag an am.

Chaith Declan 15 bliain le foireann shinsear iomána Luimnigh, bhuaigh sé cúig cinn de chraobhacha uile-Éireann agus bhí cáil air mar chaptaen na foirne in 2018 nuair a bhain Luimneach an chraobh den chéad uair ó 1973 i leith. Sa chomhthéacs sin ach go háirithe, tá sé lárnach i gcuimhní cinn a mhairfidh ar feadh an tsaoil do mhuintir Luimnigh.

Bhuaigh sé seacht gcinn de chraobhchomórtais na Mumhan, trí ghradam All-Star agus an tsraith náisiúnta i 2020 agus i 2023. Roimhe sin, bhuaigh sé Corn an Artaigh le hArdscoil Rís sna blianta 2010 agus 2011. Chabhraigh sé le Coláiste Mhuire gan Smál Corn Mhic Giobúin a bhuachan don chéad uair i 2016 agus bhain sé Craobh Iomána Sinsear Luimnigh lena chlub Áth Dara in 2009. Bhuaigh sé bonn faoi 21 na Mumhan le Luimneach sa bhliain 2011. Níl aon dabht ach gurb eisean ceann de na daoine is mó tionchair ar an iománaíocht nua-aimseartha.

I dteachtaireacht ag ócáid speisialta do Declan a reáchtáladh i Luimneach le déanaí, rinne Uachtarán na hÉireann, Catherine Connolly, cur síos ar Declan mar; 'dhuine ríthábhachtach i ré órga d'iománaíocht Luimnigh. Níl aon amhras orm ach go leanfaidh oidhreacht Declan de bheith ag spreagadh daoine óga agus lucht tacaíochta do na glúnta atá le teacht.'

Turas iontach spóirt gan aon agó.

Roinn Declan a smaointe ar an iománaíocht, an tábhacht a bhaineann le teaghlach, cairdeas agus cothromaíocht le hOifigeach Gaeilge na Mumhan, Aedín Ní Bhriain, le déanaí.

ANíB: Cén chéad chuimhne atá agat ar CLG?

DH: Scoil Naomh Iósaf in Áth Dara – d'eagraigh siad cluiche do na Naíonáin Bheaga agus na Naíonáin Mhóra gach bliain. Bhí dalta le feadóg stáin ag barr an líne agus lean an fhoireann iad timpeall na páirce don pharáid! Bhí na tuismitheoirí go léir ann mar lucht tacaíochta. Sin an chéad chuimhne atá agam.

ANíB: Céard faoin scoil agus an club?

DH: Chabhraigh Corn an Artaigh go mór liom. Bhí caighdéan dochreidte i gceist leis. Táim go mór faoi chomaoin ag Ardscoil Rís agus na cóitseálaithe go léir ann. Bhí Áth Dara go hiontach mar chlub, freisin. Chuireadar camán inár lámha nuair bhíomar 4 nó 5. Bhí daoine sa chlub, leithéidí Mark Foley & Donncha Sheehan, a chaith a ndíograis ar son an chlub agus a thug an oiread san ar ais don chlub. Ní bheinn san áit ina bhfuilim murach iad. Táim ag tnúth le bheith in ann tabhairt ar ais don chlub anois chomh maith.

ANíB: Cérbh é an t-imreoir ab fhearr leat nuair a bhí tú óg?

DH: Anthony Daly, bhíos an- tógtha leis an scil a bhí aige.

ANíB: Cé hé an t-imreoir ab fhearr leat a bheith ag imirt leis?

DH: Dónal O' Grady. Ba mhinic a thug sé síob dom roimh na cluichí agus mé ag tosnú amach ar an bpainéal. Ba mhór an fhoinse muiníne é, chomh maith le Nickie Quaid agus Graeme Mulcahy.

ANíB: Céard faoin imreoir is fearr ar imir tú ina choinne?

DH: Joe Canning – imreoir den scoth.

ANíB: Cad é buaicphointe do shaoil imeartha?

DH: Cluiche Ceannais na hÉireann 2018. Ní dóigh liom gur féidir an ceann sin a sharú.

ANíB: Cé hé an duine is mó a raibh tionchar aige/aici ar do shaol imeartha?

DH: Mo Dhaid, a thug comhairle dom, a thug mé féin agus mo dheartháireacha go dtí na cluichí go léir agus a chabhraigh liom bheith ag cleachtadh ar chúl an tí! Níos déanaí, Paul Kinnerk, is dócha, ach chun an fhírinne a rá táim buíoch de gach éinne a chabhraigh liom, na cóitseálaithe sa chlub, ar scoil – bhíodar go léir tábhachtach.

ANíB: Ar leibhéal daonna, an mbeifeá neirbhíseach roimh chluichí?

DH: Bhíos neirbhíseach i gcónaí roimh ré. Ach chomh luath is a d'fhag mé an bus nó an seomra feistis agus nuair a shroich mé an pháirc imeartha don téamh suas, bhí mé go breá. Chomh luath agus a bhíonn tú ag bogadh, bíonn tú go breá.

ANíB: An raibh sé deacair cothromaíocht a aimsiú idir do shaol laethúil agus an clú agus cáil a bhaineann le bheith ráthúil sa spórt?

DH: Nuair a bhuann tú, ní bhíonn sé deacair ach nuair nach mbuann tú, caithfidh tú leanúint ar aghaidh le do shaol. Caithfidh tú aoibh gháire a chur ar d'aghaidh arís agus aghaidh a thabhairt ar an saol.

Nuair a bhuamar, bhí an t-ádh liom leis na fostóirí a bhí agam a thuig mo chás agus a thug solúbthacht dom chomh maith. Ina theannta sin, bhí mo chlann go hiontach. Thugadar tacaíocht i gcónaí ach níor lig siad dom aon 'Notions' a fháil. Bhí an bruscar fós le tógaint amach & jabanna fós le déanamh !

ANíB: Aon chomhairle a bheadh agat d'imreoirí óga?

DH: Bain taitneamh as an iomáint. Ná bí ródháiríre faoi. Cinnte, bí ag traenáil go rialta agus ag obair ar do scileanna ach bíodh craic agat le do chairde. Ba chóir go mbeadh sé taitneamhach mar eispéireas.

ANíB: An bhfuil laoch spóirt agat lasmuigh den CLG?

DH: Paul O' Connell, Ronan O' Gara agus Tony Mc Coy. Is breá liom an eitic oibre a léiríonn siad.

ANíB: Ag féachaint ar aghaidh go scéal na hiomána i 2026...do smaointe?

DH: Táim ag súil go mór leis. Níl caith na pingine idir na foirne is láidre agus tá sé deacair buaiteoir a phiocadh. Ar ndóigh, beidh mé ag tacú leis an leaids ó Luimneach ó mo tholg, nó ón seastán, ag baint taitnimh as na sárscileanna a bheidh le feiscint ós na foirne go léir!

ANíB: Agus ar deireadh, mar Oifigeach Gaeilge, ba mhaith liom ceist a chur ort faoin teanga — an mbeadh aon smaointe agat faoi thábhacht na Gaeilge?

DH: Bí Bródúil as an teanga agus úsáid aon Gheailge atá agat. Is teanga álainn agus fíorspeisialta í. Bhíos an-tógtha le déanaí le muintir na Gaeltachta agus an Daingin. Is iadsan ambassadóirí na Gaeilge dár liom. Bhí sé go hiontach an Ghaeilge go léir a chloisint i bPáirc an Chrócaigh nuair a bhuaigh na clubanna sin.

Is iomaí rud a bhuaigh Declan Hannon le linn a laethanta imeartha le Luimneach

Na Gaiscígh: Mickey Linden – Droichead Mhaigh Eo agus An Dún

Le Jamie Ó Tuama



Mickey Linden, An Dún, á chur faoi bhrú ag Paul Curran, Áth Cliath, i gCluiche Ceannais na hÉireann 1994

Rugadh Mickey Linden in Iúr Cinn Trá, contae an Dúin, sna seascaidí agus tógadh é i nDroichead Mhaigh Eo. Is ann a chleacht agus a rinne sé máistreacht ar a cheird mar pheileadóir. Is iomaí gradam a bhuaigh sé lena chlub agus lena chontae le linn a shaoil imeartha.

D'imir Mickey le foireann shinsear an Dúin den chéad uair sa bhliain 1981 agus choinnigh sé air ag imirt lena chontae go dtí gur éirigh sé as sa bhliain 2003. Is iomaí gaisce a rinne fear Dhroichead Mhaigh Eo le linn an ama sin sa gheansaí dubh agus dearg. D'éirigh leis an Dún, le Mickey ar thús cadhnaíochta dóibh, dhá Chraobh Uile-Éireann a bhuachan – sna blianta 1991 agus 1994. Dar ndóigh, ba iad an dá ghaisce sin buaicphointí a shaoil imeartha lena chontae.

Ar a bharr sin, d'éirigh le Mickey dhá Chraobh Uladh a bhuachan sna blianta céanna – tráth ar tháinig go leor contaetha chun cinn i gcúige Uladh i ré órga sin na peile Gaelaí sa chúige. Dar ndóigh, bhuaigh Dún na nGall Craobh na hÉireann sa bhliain 1992 agus bhuaigh Doire sa bhliain 1993 – gan trácht ar Thír Eoghain a bhain Cluiche Ceannais na hÉireann amach agus a bhí mar thánaistigh sa bhliain 1995. Bhuaigh sé Roinn 1 den tsraith náisiúnta sa bhliain 1983, chomh maith.

Maidir lena chlub d'éirigh le Droichead Mhaigh Eo ocht gcinn ar fad de Chraobhacha an Dúin a bhuachan sna blianta 1999, 2001, 2002, 2004, 2005, 2006, 2007 agus 2008 le Mickey ag an stiúir. D'éirigh leis cúig cinn de Shraitheanna Roinn 1 de chuid an Dúin a bhuachan chomh maith.

Bhuaigh Mickey Gradam All-Star sa bhliain 1994 mar aitheantas ar a chuid gaiscí ar an bpáirc imeartha agus ainmníodh é mar imreoir na bliana an bhliain chéanna. Insíonn sé sin a scéal féin faoi Mickey!

Beidh Mickey agus a chuid gaiscí ar an bpáirc imeartha luaite i seanchas CLG an Dúin go brách agus a ainm greanta go teann i stair peile an chontae.

Glór Mhichíl Uí Mhuircheartaigh á thabhairt ar ais chuig daoine a bhfuil néaltrú orthu an athuair tríd an Replay

Le Jamie Ó Tuama

Ag Seoladh 'The Replay' – Glór Mhichíl Uí Mhuircheartaigh á thabhairt ar ais chuig teaghlaigh Éireannacha agus ag ceangal an athuair le cuimhní atá caillte

Seoladh togra nua cumhachtach náisiúnta i bPáirc an Chrócaigh inniu a thugann tacaíocht do dhaoine a bhfuil néaltrú orthu. Sa togra seo úsáidtear tráchtaireacht aitheanta ar na cluichí Gaelacha le cuimhní, ceangal agus le sonas a mhúscailt tríd na buntáistí a bhaineann le teiripe athchuimhnitheach.

Is éard atá sa 'The Replay ná cartlann ar leith fuaime ar líne a thugann le chéile catalóg iomlán de stair shaibhir CLG i bhfoirm tráchtaireachta fuaime ar chluichí. Is é an sárthráchtaire, Micheál Ó Muircheartaigh nach maireann, a dhéanann an tráchtaireacht anseo ar Chluichí Ceannais Peile agus Iomána na hÉireann idir 1985 agus 2010.

Is iad **Cumann Alzheimer na hÉireann, Cumann Lúthchleas Gael** agus **Cartlanna RTÉ** a rinne forbairt ar **The Replay** i gcomhpháirt lena chéile agus le lántacaíocht ó mhuintir Uí Mhuircheartaigh. Tugann an togra seo na scórtha bliain de thráchtaireacht stairiúil ó chluichí ceannais na hÉireann le chéile. Tá an tráchtaireacht le fáil ar ardán digiteach atá éasca a úsáid. Tacaíonn sé le folláine mhothúchánach agus le rannpháirtíocht fhónta do dhaoine atá ag maireachtáil le néaltrú, chomh maith lena gcúramóirí agus a dteaghlaigh. Chomh maith leis sin, tá sé d'aidhm ag an togra cuimhní taitneamhacha agus samhlaíocha a mhúscailt i measc an phobail i gcoitinne agus tacú le haosú dearfach agus le sláinte intinne i gcoitinne.

Tá na taifid le fáil ar líne ag www.TheReplay.ie, áit ar féidir cluichí a aimsiú go héasca de réir cluiche, bliana nó contae trí chomhéadan simplí iomasach. Mar thoradh air sin, is féidir le teaghlaigh, cúramóirí agus pobail filleadh ar na fuaimeanna a mhúnlaigh na glúnta Éireannach.

Leis na blianta fada, thug glór fileata corraitheach Mhichíl Uí Mhuircheartaigh cluichí ceannais na hÉireann agus cuimhneacháin spóirt, nach ndéanfar dearmad go deo orthu, isteach i gcistineacha, i seomraí suite in ionaid pobail agus in ionaid cúraim ar fud na tíre. Tá na cuimhní céanna sin á n-úsáid anois chun tacú le nasc daonna agus le folláine mhothúchánach trí The Replay. Tá níos mó ná cumha i ndiaidh na seanchluichí ag croílár an togra seo. Baineann sé le cuimhní, féiniúlacht, muintearas agus leis an gcumhacht bhuan a bhain le glór Mhichíl, a chuir an náisiún faoi gheasa.

Tá tuilleadh eolais le fáil faoi The Replay ag an nasc seo a leanas: www.gaa.ie/article/glor-mhichil-ui-mhuircheartaigh-a-thabhairt-ar-ais-do-dhaoine-a-bhfuil-nealtru-orthu

Iomanaí Óg na Bliana 2020

10 X Ceist #GAAgaeilge Oraibh!

Ná bígí ag googláil!

1. Cén contae ar a dtugtar Na Carmanaigh?
2. Cé hé bainisteoir sinsear peile Thír Eoghain?
3. Cérbh é 'Iománaí na Bliana 2020'?
4. Cén contae lena n-imríonn Seán Ó Maoilchiaráin?
5. Cá mhéad gradam All-Star atá ag Michael Murphy?
6. Cé a bhí mar Uachtarán CLG roimh Labhrás Mac Cárthaigh?
7. Cá n-imríonn Tiobraid Árann a gcuid cluichí baile?
8. Cén contae lena n-imríonn Muiris Curtin iomáint?
9. Cé hiad Curaidh Iomána Sinsear Club na hÉireann?
10. Cé hiad curaidh reatha peile idirchontae Uladh?

FREAGRAÍ

Cúpla nod don imreoir óg

Roimh aclaíocht

- Cuir i gcuimhne d'imreoirí ithe 2-3 uair an chloig sula nglacann siad páirt i ngníomhaíocht fhisiciúil.
- Trí ithe 2-3 uair an chloig roimh ré, tabharfar fuinneamh d'imreoirí ionas go mbeidh siad in ann an leas is fearr a bhaint as a gcuid seisiún traenála agus cluichí.
- **Bianna ba cheart a ithe:**
  - Ceapaire liamháis/tuinnín/turcaí/uibhe;
  - Sailéad pasta le tuinnín nó le sicín;
  - Filliteog le líontaí amhail cáis, humas agus glasraí.
- **Eochairleid:** Is féidir go mbeidh sé deacair do roinnt leanaí béilí a ithe roimh thraenáil nó ina diaidh. Is féidir gurbh fhearr leo sneaiceanna nó bianna leachtacha. E.g., Pota iógairt agus torthaí, smúdaí.
- **Gníomhaíocht an chóitseálaí:** Comhroinn an ghrafaic dhigiteach le tuismitheoirí an lá roimh chluichí nó roimh sheisiúin traenála.

A mála trealaimh

- Cuir i gcuimhne d'imreoirí sneaic agus deoch a phacáil le haghaidh seisiúin traenála agus cluichí.
- Is féidir le sneaiceanna breise cabhrú le himreoirí feidhmiú agus mothú níos fearr.
- Treiseoirí fuinnimh:
  - Torthaí úra;
  - Cnónna agus síolta;
  - Cístí coirce;
  - Barra gránaigh;
  - Uisce nó bainne.
- **Eochairleid:** Níl deochanna fuinnimh oiriúnach do leanaí agus níl aon tairbhe chothaitheach iontu.
- **Gníomhaíocht an chóitseálaí:** Comhroinn an ghrafaic dhigiteach le tuismitheoirí roimh chluichí nó roimh sheisiúin traenála.

Téarnamh agus athluchtú

- Spreag na himreoirí chun rud éigin a ithe a luaithe is féidir i ndiaidh cluiche nó seisiún traenála.
- Trí rud éigin a ithe i ndiaidh gníomhaíocht fhisiciúil, cabhrófar le himreoirí téarnamh, mais mhatáin a choinneáil agus iad a ullmhú don chéad seisiún eile.
- **Bianna ba cheart a ithe:**
  - Ceapaire tuinnín nó turcaí;
  - Deoch iógairt;
  - Béigeal agus cáis uachtair;
  - Bainne nó iógart le banana.
- **Eochairleid:** Tá bainne, banana agus deoch iógairt ina mbealach iontach d'imreoirí athbhreoslú agus iad ar an turas abhaile sula mbeidh siad in ann béile níos mó a ithe.
- **Gníomhaíocht an chóitseálaí:** Comhroinn an ghrafaic dhigiteach le tuismitheoirí i ndiaidh cluichí nó seisiúin traenála.

Hiodráitiú

- Cuir i gcuimhne d'imreoirí neart uisce a ól agus déanamh amhlaidh sula bhfuil tart orthu – tá an tart ina chomhartha go bhfuil leachtanna ag teastáil óna gcorp le tamall anuas.
- Is féidir an chairt fuail a úsáid mar mhodh éifeachtach chun cabhrú le leanaí a riachtanais hiodráitithe a thuiscint. Is féidir leo amharc ar an gcairt fuail chun a dhéanamh amach an bhfuil orthu níos mó uisce a ól nó nach bhfuil.
- **Eochairleid:** Is iad uisce agus bainne na roghanna is fearr le haghaidh an hiodráitithe.
- **Gníomhaíocht an chóitseálaí:** Cuir an póstaer 'hiodráitiú' suas gar do leithris do chlub.



Smaointe clubanna sláintiúla

Cruthaigh uainchlár cóitseálaí/tuismitheora chun sneaiceanna sláintiúla a thabhairt isteach:

- Sáite torthaí;
- Cupáin sailéad torthaí;
- Cipíní glasraí;
- Torthaí iomlána;
- Bainne nó smúdaithe;
- Le haghaidh tuilleadh smaointe sneaice sláintiúla, téigh chuig: safefood.net/healthy-eating.

Roghnaigh lá amháin sa tseachtain chun torthaí a chur ar fáil i ndiaidh seisiúin traenála:

- "Máirt na dTorthaí" a bhunú chun gnáthamh agus sceitimíní a chruthú.

Cruthaigh 'cluiche sláintiúil na seachtaine':

- Is féidir go mbeidh sé chomh simplí le cóin a ainmniú i ndiaidh torthaí agus glasraí chun aird a tharraingt ar a thábhachtaí a bhíonn bia sláintiúil le haghaidh feidhmíocht spóirt.

Bí i d'eiseamláir

- Ól uisce agus ith bianna sláintiúla os comhair na n-imreoirí.

Tabhair luachanna saothair sláintiúla

- Déan iarracht gan bianna só a úsáid mar luach saothair. Ina áit sin, bain úsáid as moladh agus spreagadh, cluichí, greamáin nó cártaí.

An tarraingt déanta do Chomórtas Náisiúnta Peile na Gaeltachta 2026

Le Jamie Ó Tuama

Cuid de na foirne a ghlac páirt i gComórtas Peile na Gaeltachta 25

Rinneadh an tarraingt do Chomórtas Náisiúnta Peile na Gaeltachta ag cruinniú cinn bhliana an Chomórtais in Óstán Maldron, Uarán Mór, Contae na Gaillimhe le gairid.

Cúig cinn de chomórtais ar fad a imreofar ag Comórtas Peile na Gaeltachta i gCill Chartha i nGaeltacht Thír Chonaill i mbliana – Comórtais Shóisear agus Shinsear na bhFear chomh maith le Comórtais Shóisear, Idirmheánach agus Shinsear na mBan.

Beidh Comórtas Peile na Gaeltachta ar siúl le linn dheireadh seachtaine na Cincíse idir 29 Bealtaine agus 1 Meitheamh, 2026. Beidh réamhbhabhtaí agus comórtais áitiúla na gcontaetha éagsúla ar siúl uaidh seo go ceann cúpla mí.

Is mar seo a leanas a bheidh leagan amach chomórtais na bliana seo:

Comórtas Sóisear na bhFear

Cluichí Ceathrú Ceannais
A An Mhí agus Gaillimh
B Na Gaeil Óga (Áth Cliath) agus An Seanphobal (Port Láirge)
C Maigh Eo agus Laochra Loch Lao (Aontroim)
D Ciarraí agus Dún na nGall

Cluichí Leathcheannais
C v B
A v D

Comórtas Sóisear na mBan

Cluichí Ceathrú Ceannais
A Dún na nGall v Na Gaeil Óga (Áth Cliath)
B Gaillimh agus An Mhí

Cluichí Leathcheannais
A agus Laochra Loch Lao
B agus Maigh Eo

Comórtas Idirmheánach na mBan

Cluichí Leathcheannais
Dún na nGall v Gaillimh
Comórtas Sinsear na mBan
Baile Chláir na Gaillimhe (Gaillimh) v Dún na nGall

Comórtas Sinsear na bhFear

Réamhbhabhta
A Dún na nGall agus Maigh Eo
Cluichí Ceathrú Ceannais
1 Corcaigh agus Ciarraí
2 An Mhí agus An Rinn
3 (A) agus Gaillimh
4 Cill Chartha (Dún na nGall)

Cluichí Leathcheannais
1 v 2
3 v 4

Respect the Anthem

Amhrán na bhFiann

Tuiscint, Meas agus Cur le chéile

Cuimhní maithe ag Fergal Whitely ar a ról mar Ambasadóir Gaeilge CLG

Le Jamie Ó Tuama

Agallamh a rinneadh le Fergal i mí Feabhra.

Tá téarma Fergal Whitely mar Ambasadóir Gaeilge Chumann Lúthchleas Gael ag druidim chun deiridh. Thapaigh muid an deis labhairt le laoch iomána Átha Cliath faoina thréimhse mar ambasadóir agus mar aghaidh na Gaeilge ag Cumann Lúthchleas Gael le beagnach bliain anuas.

Thosaigh muid le fiafrú de Fergal faoin tionchar a bhí ag a cheapachán ar a chuid comhimreoirí ar fhoireann Átha Cliath.

'Tá grúpa mór ar an bhfoireann atá líofa sa teanga', a deir Fergal, 'agus tacaíonn siad le haon rud a chuireann í chun cinn. Mar sin, nuair a ainmníodh mé mar ambasadóir, bhí suim acu níos mó a fhoghlaim faoin ról.

Dar ndóigh tá neart Gaeilge ag go leor de chomhimreoirí Fergal mar a luaigh sé:

'Bhí grúpa láidir cainteoirí Gaeilge againn san fhoireann cheana féin. D'fhreastail deichniúr ar Choláiste Eoin, scoil a dhéanann jab iontach an Ghaeilge agus na cluichí Gaelacha a chur chun cinn. Ba mhaith liom a cheapadh gur thug mé inspioráid do Dhiarmuid Ó Dúlaing bheith ina anailísí do TG4 freisin!'

Dar ndóigh, de bharr TG4, Raidió na Gaeltachta agus na meáin eile Ghaeilge a chlúdaíonn na cluichí Gaelacha, feictear níos mó imreoirí ná riamh ag labhairt Gaeilge tar éis na gcluichí agus ag imeachtaí eile a bhaineann leis na cluichí.

'Bhí cumarsáid agam le himreoirí ó chontae eile i rith na bliana ag imeachtaí agus tionscnaimh éagsúla', a deir Fergal. 'Tá sé iontach go bhfeicimid i bhfad níos mó imreoirí ag úsáid na Gaeilge ina n-agallaimh tar éis cluichí.'

Eagraíodh Go Games Gaeilge i bPáirc an Chrócaigh i mí an Mheithimh agus bhí Fergal ann ina ról mar Ambasadóir na Gaeilge le roinnt nodanna a thabhairt do na himreoirí óga. Creideann sé go bhfuil sé an-tábhachtach an Ghaeilge a shníomh isteach go nádúrtha sa spórt.

'Sílim go bhfuil an Ghaeilge thar a bheith tábhachtach inár gcluichí toisc go bhfuil sí mar chuid d'fhéiniúlacht agus d'oidhreacht na gcluichí Gaelacha', a mhíníonn fear Chill Mochuda Na Crócaigh. 'Léiríonn tionscnaimh den sórt seo d'imreoirí óga go bhfuil an teanga le fáil i dtimpeallacht spóirt, ní hamháin sa seomra ranga.'

Dar ndóigh, chabhraigh Fergal linn seinnliosta Gaeilge CLG ar Spotify a thabhairt suas chun dáta níos túisce sa bhliain agus bhí cúpla traic ó The Bonny Men i measc na dtraiceanna a chuir sé leis an seinnliosta. Labhair sé linn faoin ról atá ag an gceol Gaelach ina shaol.

'Tá ról mór ag an gceol i mo shaol', a deir sé. 'Tá suim fhairsing agam i gceol agus taitníonn sé liom bheith ag éisteacht le stíleanna éagsúla, ó cheol traidisiúnta nó stíleanna atá go hiomlán éagsúil.

'Déanaim iarracht bheith ag seinm na bpíobaí chomh minic agus is féidir liom. Tá roinnt de mo chairde ag seinm go rialta fós agus is bealach iontach é chun fanacht i dteagmháil leo. Ba mhaith liom bheith ag seinm níos minice ach bíonn sé deacair nuair a bhíonn formhór na n-oícheanta líonta le traenáil agus le cluichí.

Fergal Whitely, Ambasadóir Gaeilge CLG

Breathnaigh ar fhíseán speisialta a rinneadh ar Fergal ag an nasc seo a leanas: youtu.be/EcdEdAiz9-o?si=PNx6oqfZas7TQdJV

Maidir le cúrsaí ar an bpáirc imeartha bhí gortú beag ag Fergal ag tús na bliana ach is léir go bhfuil biseach air anois agus go bhfuil sé ag súil leis an mbliain iomána amach romhainn.

'Táim níos fearr anois agus táim ag mothú go maith. Táim ag tnúth go mór leis an gcluiche an deireadh seachtaine seo.'

Bhí bliain rathúil ag iománaithe Átha Cliath anuraidh nuair a d'éirigh leo Cluiche Leathcheannais na hÉireann a bhaint amach. Tá sé de sprioc ag Fergal agus ag foireann Átha Cliath cur leis an dul chun cinn sin atá déanta acu sa bhliain amach romhainn.

'Tá sé an-tábhachach', a mhíníonn sé. 'Tá a fhios ag gach duine sa ghrúpa gur féidir linn dul in iomaíocht le gach foireann eile nuair a thaispeánann muid comhsheasmhacht. Sin an sprioc atá againn i mbliana.

'Tá ardú céime ar cheann de na spriocanna atá againn don tsraith. Tá cluiche caillte againn cheana féin, mar sin ní féidir linn mórán earráidí eile a dhéanamh. Táimid ag dul céim ar chéim, ag díriú ar ár bhfeidhmíocht agus ag iarraidh móiminteam a thógáil ag druidim i dtreo na craoibhe.'

'Ar ndóigh, is é an sprioc atá i gcónaí againn ná corn a bhuachan. Ba mhaith linn iomaíocht a dhéanamh chun duaiseanna a bhuachan agus rud éigin a bheith againn le taispeáint ag deireadh an tséasúir.

Maidir leis an gclub, tá Fergal dóchasach faoi thodhchaí Chill Mochuda Na Crócaigh, freisin.

Fergal Whitely, Áth Cliath, i mbun a cheirdre in aghaidh Darragh Fitzgibbon, Corcaigh, i gCluiche Leathcheannais na hÉireann anuraidh

'Bhí sé díomách dúinn cluiche leathcheannais a chailliúint anuraidh. Tá caighdeán an-ard i gCraobhchomórtas Cumann Bhaile Átha Cliath agus tá sé ar cheann de na comórtais chlub is iomaíche sa tír. Tá an-chuid tallainne ag teacht tríd sa chlub. Bhuaigh ár bhfoireann faoi 21 an chraobh anuraidh agus tá go leor imreoirí againn ar na foirne f18, f20 agus sinsearacha de chuid Bhaile Átha Cliath, rud a léiríonn go maith an tallann atá ag teacht tríd.'

Le clabhsúr a chur lenár gcomhrá le Fergal labhair sé faoin onóir a bhain lena cheapachán mar Ambasadóir na Gaeilge de chuid Chumann Lúthchleas Gael.

'Thaitin an ról go mór liom', a deir sé go bródúil. 'Bhí sé ina onóir dom bheith ag obair ar son CLG i mbliana agus d'fhoghlaim mé a lán ón taithí. Tá sé go hiontach go bhfuil an ról roinnte idir contaetha éagsúla timpeall na tíre. Ba mhaith liom gach rath a ghuí ar an gcéad ambasadóir eile agus é ag leanúint ar aghaidh leis an Ghaeilge a chur chun cinn laistigh de na cluichí.'

Clárúchán do Scéim Chontae FSMD oscailte

Tá fáilte á cur roimh Bhoird Chontae CLG ar fud na tíre clárú le Scéim Aitheantais Fhondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha, atá oscailte anois.

Cuireadh tús le scéim na gcontaetha anuraidh mar chuid d'iarracht leanúnach chun an Ghaeilge a neartú agus a chur chun cinn ag leibhéal an chontae. Le linn na chéad bliana den scéim, d'éirigh le cúig bhord contae aitheantas oifigiúil a bhaint amach, mar thoradh ar an obair fhiúntach a bhí idir lámha acu. Tá an scéim dírithe ar thacaíocht agus ar threoir a thabhairt do Bhoird Chontae ar mian leo cur le húsáid agus le feiceálacht na Gaeilge ina gcuid oibre laethúla. Tugtar deis do na boird páirt a ghlacadh i gclár struchtúrtha atá bunaithe ar sé phríomhréimse:

1. Struchtúr an Chontae
2. Feiceálacht na Gaeilge
3. Foghlaim na Gaeilge
4. Úsáid na Gaeilge
5. Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha
6. Marcanna Breise

Tríd na réimsí seo, spreagtar na boird le pleanáil straitéiseach a dhéanamh don Ghaeilge, í a chur chun cinn go poiblí, agus deiseanna foghlama agus úsáide a chruthú do bhaill, do chlubanna agus don phobal i gcoitinne.

Ag labhairt di ar an ghné nua seo d'Fhondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha, dúirt Cáit Ní Choirbhín, Bainisteoir Forbartha na Fondúireachta:
'Rinne muid scéim phíolóta den scéim aitheantais do bhoird contae anuraidh agus bhí muid iontach sásta go raibh cúig bhord contae linn ag cur le feiceálacht agus le húsáid na Gaeilge i CLG agus ag cur leis an mheas a léirítear di. Tá sé ríthábhachtach go bhfuil an cineál sin tacaíochta ó na boird chontae ar fáil do na clubanna atá páirteach i bhFondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha.'

Bhí CLG Mhuineacháin ar cheann den chúig chontae a bhain amach aitheantas anuraidh. Ag caint ar an scéim, dúirt Mícheál Ó Corragáin, Oifigeach Gaeilge CLG Mhuineacháin:

'Bhí lúcháir ar Mhuineachán bheith i measc an chéad dream a thug faoin scéim aitheantais do na Boird Chontae. Tugann an creatlach seo tuiscint don choiste bainistíochta agus do na fochoistí ar ar féidir linn a dhéanamh lenár dteanga a chur chun tosaigh ar bhealach a mheallann daoine bheith páirteach ar an pháirc, ar an ardán agus ar bhonn sóisialta. Míle buíochas leis na daoine sin ar fad atá i gcroílár an tionscadail seo, ag cinntiú go bhfuil tús áite ag an Ghaeilge i ngnáthimeachtaí CLG agus an tsaoil laethúil.

Tá súil agam go dtacaíonn gach contae leis an scéim a chuideoidh leo an Ghaeilge a chur chun cinn.'

Is deis iontach í an Scéim Aitheantais do Bhoird Chontae ról gníomhach a imirt i bhforbairt na Gaeilge i mórphobal CLG.

Moltar do Bhoird Chontae ar spéis leo páirt a ghlacadh sa scéim clárú anois agus leas a bhaint as an tacaíocht agus as an aitheantas a bhaineann leis an tionscnamh seo.

Is féidir clárú leis an scéim ach teagmháil a dhéanamh le clg@glornangael.ie.

GAA
TÁ ÁIT DÚINN UILIG ANN
#GAAgaeilge
Listen On
Spotify

CLG: Gluaiseacht á cur ar bun – podchraoladh nua Chumann Lúthchleas Gael

An podchraoladh, CLG Gluaiseacht á cur ar bun, seolta

Le Jamie Ó Tuama

Seoladh podchraoladh nua de chuid Chumann Lúthchleas Gael le gairid atá dírithe ar bhlianta corracha tosaigh Chumann Lúthchleas Gael. Acmhainn thráthúil do dhaltaí Ardteiste agus do lucht staire araon é an podchraoladh nua seo.

Dírítear ar an tréimhse idir 1884 agus 1891 sa phodchraoladh seo trí litreacha agus ailt nuachtáin de chuid bhunaitheoirí agus chéad phátrúin Chumann Luthchleas Gael a scagadh agus a chíoradh.

Déanann staraithe agus múinteoirí aitheanta plé ar an gcúlra sóisialta agus polaitiúil a bhain le bunú Chumann Lúthchleas Gael sa bhliain 1884. Pléitear an bhéim a bhí ar lúthchleasaíocht agus pléitear na fórsaí agus na daoine siúd a mhúnlaigh an Cumann le linn na mblianta tosaigh, blianta a bhí dúshlánach agus casta go minic. Luaitear coimhlintí cumhachta agus easaontais inmheánacha sa phodchraoladh a thit amach ag am a bhí an Cumann ag iarraidh a áit a dhaingniú i saol na hÉireann.

Comhpháirtíocht atá sa phodchraoladh seo idir Ionad Tacaíochta Oideachais Dhroim Conrach, Coiste Staire CLG agus Rannóg Cumarsáide CLG. Acmhainn thráthúil atá ann nuair a thugtar san áireamh go bhfuil an tréimhse seo mar chás-staidéar éigeantach ar churaclam staire na hArdteistiméireachta do 2026 agus 2027. Ní ar dhaltaí Ardteiste amháin atá an podchraoladh dírithe, mar sin féin, agus is cinnte go mbainfeadh iad siúd a bhfuil spéis acu i gcúrsaí staire na hÉireann trí chéile an-taitneamh as a bhfuil faoi chaibidil ann.

Agus é ag tagairt den phodchraoladh nua seo, bhí an méid seo a leanas le rá ag Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael, Iarlaith Ó Broin, a ghlac páirt sna podchraoltaí é féin.

‘Cuireadh Cumann Lúthchleas Gael ar bun le linn tréimhse thar a bheith suimiúil i saol na hÉireann, le linn réabhlóid chultúrtha, shóisialta agus pholaitiúil. Tá muid fíorbhuíoch díobh siúd a ghlac na céimeanna tosaigh sin os cionn 140 bliain ó shin agus díobh siúd a chinntigh gur tháinig an Cumann slán ó go leor aighneas. D’fhéadfadh na haighnis sin deireadh a chur leis an Chumann sula raibh deis aige bláthú.

‘Bíonn go leor le foghlaim againn fúinn féin trí staidéar a dhéanamh ar an stair. Cé muid féin? Cá has a dtáinig muid? Cad é na rudaí a fágadh linn agus cad é a thig linn a thógáil ón aimsir atá caite a chuideoidh linn saol an lae inniu a thuigbheáil níos fearr agus le cinntiú go mbeidh rudaí in áit níos fearr ag an chéad ghlúin eile.

‘Léirítear ón staidéar seo ar bhlianta tosaigh Chumann Lúthchleas Gael a bheith ar an churaclam an tábhacht a bhaineann le ról an Chumainn sa saol in Éirinn. Tá súil agam go mbeidh na podchraoltaí seo ina chuidiú ní hamháin do scoláirí meánscoile ach do dhuine ar bith a bhfuil suim acu i stair na hÉireann.’

Tá an podchraoladh seo, CLG: Gluaiseacht á cur ar bun, ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge agus tá siad ar fáil ar YouTube, ar Spotify agus ar Apple Podcasts.

Bainigí taitneamh astu!

Corn Mhichíl Uí Mhuircheartaigh ag triall ar Shléibhte Maorga Dhún na nGall

Le Finn Mac Lochlainn agus Jamie Ó Tuama

Tháinig deireadh le Sraitheanna Peile Allianz le gairid agus beidh Corn Mhichíl Uí Mhuircheartaigh ag cur faoi i dTír Chonaill i measc shléibhte maorga Dhún na nGall uaidh seo go ceann bliana. D'éirigh leis na Conallaigh an ceann is fearr a fháil ar Chiarraí i gCluiche Ceannais Roinn 1 den tsraith ar scór 3-20 go dtí 2-10. Is é seo an dara bliain de Chorn Mhichíl Uí Mhuircheartaigh a bheith ar an bhfód.
Tugann muid spléachadh anseo ar cérbh é Micheál Ó Muircheartaigh – cé go bhfuil sé fíordheacair cur síos cuí a dhéanamh ar an laoch fir seo, in alt gairid den chineál seo.

Tráchtaire den chéad scoth a bhí i Micheál agus deirtear go minic gurbh é glór na gcluichí Gaelacha. Rugadh é i nDún Síon díreach lasmuigh de Dhaingean Uí Chúis i gcontae Chiarraí ar an 20ú lá de mhí Lúnasa 1930. Fuair sé a chuid scolaíochta dara leibhéil i gColáiste Íosagáin i mBaile Bhuirne in iarthar Chorcaí. Bhí Micheál ag iarraidh a bheith ina mhúinteoir agus é ag gabháil don teagasc i gColáiste Phádraig, Droim Conrach, go dtí go bhfuair sé post mar thráchtaire – rud a d'athraigh a shaol.

I mí an Mhárta 1949 chuaigh Micheál le deichniúr daltaí eile ón gcoláiste go dtí cluiche iománaíochta chun triail tráchtaireachta a dhéanamh. Bhí cúig nóiméad cainte i nGaeilge ag gach duine agus bhí post mar thráchtaire le tabhairt don duine is fearr acu uilig.
Ní raibh cluiche iománaíochta feicthe ag Micheal riamh roimhe sin ach chomh luath agus a thosaigh sé ag caint bhí a fhios ag an dream siúd a bhí i mbun na dtrialacha gurbh é Micheál an fear don phost. Ba é Micheál a roghnaíodh as an deichniúr agus an chéad phost a bhí aige ná tráchtaireacht Ghaeilge a dhéanamh ar Chluiche Ceannais Chorn an Iarnróid sa bhliain chéanna, 1949.

Bhí sé ag tráchtaireacht ar feadh na mblianta go dtí gur éirigh sé as i 2010. Bhuaigh sé an Jacobs Award sa bhliain 1992 mar aitheantas ar a chuid tráchtaireachta. Bronnadh Gradam All-Star ar Mhicheál sa bhliain 2020 ar a 90ú breithlá mar aitheantas ar na héachtaí tráchtaireachta a bhain sé amach le linn na paindéime, Covid-19, freisin.

Cailleadh Micheál Ó Muircheartaigh san ospidéal ag aois an cheithre scór agus 13 bliain ar an 25ú lá de mhí Mheitheamh 2024. Bhí clú agus cáil ar Mhicheál, ní hamháin ar fud na hÉireann ach ar fud an domhain, agus bhí brón mór ar lucht tacaíochta Chumann Lúthchleas Gael nuair a cailleadh é. Ba mar aitheantas agus in ómós dó a ainmníodh an corn a bhronntar ar churaidh peile roinn 1 den tsraith ó 2025 i leith.

Cumann Lúthchleas Gael

SCÓR

Ceiliúradh ar Amhránaíocht, Dhamhsa, Cheol agus ar Dhrámaíocht

Rince Foirne | Amhránaíocht Aonair | Aithriseoireacht/Scéalaíocht | Bailéad-Ghrúpa Nuachleas | Ceol Uirlise | Rince Seit | Tráth na gCeist

Tuilleadh eolais:
www.gaa.ie/the-gaa/cultur-agus-gaeilge/scor

TÁ ÁIT DÚINN UILIG ANN

An Mhí - Seaimpíní Roinn 2 de Shraitheanna Peile Allianz 2026

Tír Chonaill Abú - Seaimpíní Roinn 1 de Shraitheanna Náisiúnta Allianz 2026

Aimsigh Sárimreoirí Peile 2025

An bhfuil tú in ann iad uilig a aimsiú?

C	S	H	A	N	E	R	Y	A	N	É	M	O	A	D	H	R	D	D	P
É	N	A	R	F	Á	I	L	A	E	G	H	A	B	I	Ó	L	T	L	A
H	B	D	A	V	I	D	C	L	I	F	F	O	R	D	C	U	A	I	U
G	R	E	A	N	L	O	I	L	R	Á	A	I	I	T	H	E	S	C	D
S	E	Á	N	R	A	F	F	E	R	T	Y	E	A	A	O	R	E	C	I
H	N	C	N	N	A	D	E	T	A	Á	É	T	N	N	I	O	Á	H	E
L	D	Á	J	I	C	Ú	R	E	N	L	Í	D	Ó	É	S	A	N	R	C
J	A	S	O	N	F	O	L	E	Y	N	Ú	N	B	I	Í	A	O	F	L
S	N	E	E	M	I	Ó	C	R	H	Á	T	N	E	A	N	C	S	H	I
S	M	R	O	Ó	N	M	A	C	R	Á	I	M	A	C	C	Ó	H	D	F
A	C	T	C	Ó	N	I	D	M	N	É	N	A	G	Í	O	T	E	H	F
D	C	I	O	F	B	C	M	I	C	H	A	E	L	A	N	G	A	N	O
S	O	H	N	D	A	O	S	F	E	E	N	I	A	T	A	I	C	A	R
É	L	M	N	Ó	R	S	A	M	M	U	L	R	O	Y	T	Á	N	L	D
A	E	R	O	A	R	F	H	S	C	I	A	C	I	S	Y	I	A	E	H
R	O	S	R	I	R	N	R	G	É	A	R	M	C	A	S	M	I	[illegible]	É
D	L	A	O	M	O	A	G	A	V	I	N	W	H	I	T	E	N	[illegible]	A
A	T	R	I	N	A	D	H	A	Ó	G	I	G	A	H	S	T	I	N	É
A	E	S	A	D	R	H	I	M	U	E	H	H	C	C	O	Í	M	Í	O
N	Á	O	I	I	T	S	T	Á	A	L	S	A	U	É	I	N	A	M	D
H	G	A	L	M	Y	M	I	C	H	A	E	L	M	U	R	P	H	Y	O



Amsigh na sárimreoirí peile seo a leanas ar bronnadh Gradaim All-Star orthu sa bhliain 2025.

SHANE RYAN (Ciarraí),
BRENDAN MCCOLE (Dún na nGall),
JASON FOLEY (Ciarraí),
SEÁN RAFFERTY (An Mhí),
BRIAN Ó BEAGLAÍOCH (Ciarraí),
GAVIN WHITE (Ciarraí),
FINNBARR ROARTY (Dún na nGall),
JOE O'CONNOR (Ciarraí),
MICHAEL LANGAN (Dún na nGall),
PAUDIE CLIFFORD (Ciarraí),
SEÁN O'SHEA (Ciarraí),
OISÍN CONATY (Ard Mhacha),
DAVID CLIFFORD (Ciarraí),
MICHAEL MURPHY (Dún na nGall),
SAM MULROY (Lú)

Os cionn 300 peileadóir óg páirteach sna GAAgaeilge Go Games i bPáirc an Chrócaigh

Le Jamie Ó Tuama

Ghlac os cionn 300 peileadóir óg ó chlubanna Gaeltachta agus scoileanna lán-Ghaeilge páirt i GAAgaeilge Go Games a bhí ar siúl i bPáirc an Chrócaigh inné, 13 Aibreán.

I measc na gclubanna agus na scoileanna a bhí páirteach ar an lá bhí Scoil Uí Ghramhnaigh, Ráth Chairn, Na Gaeil Óga, Áth Cliath, An Ghaeltacht agus an Seanphobal ón Rinn, Naomh Abán agus Béal Átha an Ghaorthaidh ó Chorcaigh, Micheál Breathnach, Ros Muc, An Cheathrú Rua agus Oileáin Árann ó Ghaillimh, Tuar Mhic Éadaigh ó Mhaigh Eo, Naomh Muire, Íoctar na Rosann, ó Dhún na nGall agus Gaelscoil Charman ó Loch Garman.

Ba iad Coiste Náisiúnta Gaeilge CLG, CLG Chonnacht agus CLG na Mumhan a d'eagraigh na GAAgaeilge Go Games i gcomhar le Rannóg um Fhorbairt na gCluichí Náisiúnta, CLG. Gabhann siad buíochas leis na foirne uilig a ghlac páirt sa scléip.

Bhí aoi speisialta ina measc ar an lá freisin, dar ndóigh, agus tugadh deis do na gasúir uilig a bpictiúr a fháil le Corn Shomhairle Mhig Uidhir.

Beidh na GAAgaeilge Go Games á n-eagrú arís amach anseo agus táthar ag súil le cuireadh a thabhairt do chlubanna as ceantair eile Ghaeltachta agus as Gaelscoileanna eile.

D'imir an Ghaeltacht ó Phort Láirge agus Naomh Muire ó Dhún na nGall in aghaidh a chéile ag na Go Games Gaeilge i bPáirc an Chrócaigh inné, 13 Aibreán, 2026



Foireann Scoil Uí Ghramhnaigh ag na Go Games Gaeilge i bPáirc an Chrócaigh inné 13 Aibreán, 2026

Na duaiseanna roinnte ag Scór na nÓg 2025

Le Jamie Ó Tuama

Sárcheoltóirí an Bhainbh Bhaile an Mhítigh ar stáitse ag Babhtaí Ceannais Scór na nÓg 2025 san INEC, Cill Airne

Bhí Babhtaí Ceannais na hÉireann de Scór na nÓg ar siúl ar an Satharn, 24 Eanáir, san INEC i gCill Airne agus d'éirigh leis na cúigí uilig dhá theideal uile-Éireann a thabhairt leo.

Ba iad Lios an Phúca, Ciarraí, a thug leo Comórtas Thráth na gCeist, agus bhí géariomaíocht sa bhabhta ardáin ag tús na gcomórtas stáitse. Ba iad Barr na Cúile, Liatroim, agus Cumann Uí Dhuibhir a chríochnaigh sa dara agus tríú háit.

D'éirigh le Caisleán Nua, Tiobraid Árann, an Rince Foirne a bhuachan don cheathrú bliain i ndiaidh a chéile agus d'éirigh le Mainistir Chnoc Muaidhe ó Ghaillimh an Rince Seit a bhuachan don chéad uair ó 2020 i leith.

Sna comórtais aonair ba í Gemma Ní Chathasaigh ó Naomh Doiminic a rinne an beart san Amhránaíocht Aonair – an dara huair di an comórtas seo a bhuachan taobh istigh de thrí bliana. Ba í Enya Nic Dhoinnléibhín ó Chlan na nGael, Ard Mhacha a bhuaigh an Aithriseoireacht/Scéalaíocht – an chéad duine riamh ó Ard Mhacha leis an gcomórtas seo a bhuachan.

Sa chomórtas Bailéadghrúpa d'éirigh leis an mBanbh Baile an Mhítigh an chéad chomórtas de chuid Scór na nÓg a bhuachan do Loch Garman ó 2005 i leith. Chuir siad lena n-éacht nuair a d'éirigh leo an Ceol Uirlise a bhuachan an lá céanna, freisin. Is cinnte go bhfanfaidh an lá sin i gcuimhne na gCarmanach go ceann i bhfad.

Ba iad Naomh Muire Achadh Gallan ó Aontroim a bhuaigh an Nuachleas – an chéad uair dóibh é a bhuachan ó 2019 i leith i sárchomórtas ardáin.

Ina measc siúd a bhí i láthair ag Babhtaí Ceannais Scór na nÓg, bhí Uachtarán CLG, Iarlaith Ó Broin, Iar-Uachtarán CLG, Seán Ó Ceallaigh, Cathaoirleach CLG na Mumhan, Tadhg Ó Murchú, chomh maith le Cathaoirleach CLG Chonnacht agus ball de Choiste Náisiúnta Scór, Uinseann Ó Náraigh.

NA BUAITEOIRÍ

Tráth na gCeist - ***An Mhumhain - Lios an Phúca, Ciarraí***
Rince Foirne - ***An Mhumhain - An Caisleán Nua, Tiobraid Árann***
Amhránaíocht Aonair - ***Connachta - Gemma Ní Chathasaigh, Ros Comáin***
Aithriseoireacht/Scéalaíocht - ***Ulaidh - Enya Nic Dhoinnléibhín, Clan na nGael, Ard Mhacha***
Bailéadghrúpa - ***Laighin - An Bhanbh Baile an Mhítigh, Loch Garman***
Nuachleas - ***Ulaidh - Naomh Muire Achadh Gallan, Aontroim***
Ceol Uirlise - ***Laighin - An Bhanbh Baile an Mhítigh, Loch Garman***
Rince Seit - ***Connachta - Mainistir Chnoc Muaidhe, Gaillimh***

TABHAIR MEAS TUILL MEAS

Ár gcluichí. Ár rogha.

Cian Lynch le Corn an Chrócaigh tar éis do Luimneach an ceann is fearr a fháil ar Chorcaigh i gCluiche Ceannais Roinn 1A de Shraitheanna Allianz

Captean buacach an Chláir Conor Cleary tar éis don Chlár an ceann is fearr a fháil ar Áth Cliath i gCluiche Ceannais Roinn 1B de Shraitheanna Allianz

Crosfhocal

FREAGRAÍ

TRASNA

1. Bainisteoir Iomána Chill Dara, 7
4. Contae ‘Sambo’, 8
5. Club Con O’Callaghan, 5
9. Leasainm Loch Garman, Na ____, 10
10. Freagra de chuid Hawkeye, 2
11. Iománaí Óg na Bliana 2024, 5
13. Tosaí de chuid Luimnigh, ___ Gillane, 5
16. Curaidh Peile Roinn 2, An ___, 3
17. Tosach de chuid Chorcaí, 8
18. Peileadóir Óg na Bliana 2025, 6

SÍOS

1. Club i Ros Comáin, Naomh ___, 8
2. Curaidh na hÉireann 2001, 8
3. Bainisteoir Dhún na nGall, 3
6. Bainisteoir Peile Mhuineacháin, 8
7. Maide iomána, 5
8. Contae Barry McNulty, 8
12. Dath na brataí do scór dhá phointe, 7
14. Bainisteoir iomána Phort Láirge, 7
15. Iománaí de chuid Chorcaí, Niall ____, 6





An Poc ar Buile

Le Aedín Ní Bhriain

Ag leanúint orainn ar thuras bóthair timpeall na tíre chun amhráin éagsúla a bhaineann le gach contae a cheiliúradh, seo chugaibh amhrán ó Chiarraí. Bainigí sult as!

Scríobh Dónall Ó Mulláin na liricí sna 1940idí agus ina dhiaidh sin, bhí athbheochan ar an amhrán sna seascaidí. Bhí an-tóir ar an amhrán i 1962 nuair a thaifead Seán Ó Sé é le Seán Ó Riada agus Ceoltóirí Chualann é, agus d'éirigh go seoigh leis i gcatagóir na n-amhrán Gaeilge ag an am sin. Tá an-tóir ar an amhrán go fóill mar gheall ar a rithim bhríomhar agus a scéalaíocht ghreannmhar, atá daingnithe ag guth íocónach Ó Sé.

An bhrí: Aistríonn an teideal go "The Mad Puck Goat" (nó "The Mad Goat"), ag tagairt do ghabhar a sháraíonn údaráis agus a dhéanann fánaíocht ar chnoic Chiarraí. Is amhrán móréilimh, ardfhuinnimh é fós i seisiúin cheoil na hÉireann agus is minic a úsáidtear é chun an Ghaeilge agus rithim a mhúineadh.

Foireann buacach Chumann Caide na Gaeltachta

Lucht Dhaingean Uí Chúis tar éis dóibh Corn Andy Merrigan a bhuachan i mbliana

AN POC AR BUILE

Ar mo ghabháil dom sior chun Droichead Uí Mhóradha
Píce im dhóid 's mé ag dul i meithil
Cé casfaí orm i gcuma ceoidh
Ach pocán crón is é ar buile...
curfá
Ailliliú, puilliliú, ailliliú tá an puc ar buile!
Ailliliú, puilliliú, ailliliú tá an puc ar buile!
Do ritheamar trasna trí ruillógach,
Is do ghluais an comhrac ar fud na muinge,
Is treascairt do bhfuair sé sna turtóga
Chuas ina ainneoin ina dhrom le fuinneamh...
curfá
Níor fhág sé carraig go raibh scót ann
Ná gur rith le fórsa chun mé a mhilleadh,
S'Ansan sea do cháith sé an léim ba mhó.
Le fána mhór na Faille Bríce...
curfá
Bhí garda mór i mBaile an Róistigh
Is bhailigh fórsa chun sinn a chlipeadh
Do bhuail sé rop dá adhairc sa tóin ann
S'dá bhríste nua do dhein sé giobail...
curfá
I nDaingean Uí Chúis le haghaidh an tráthnóna
Bhí an sagart paróiste amach 'nár gcoinnibh
Is é dúirt gurbh é an diabhal ba Dhóigh leis
A ghaibh an treo ar phocán buile...
curfá

Éadan Doire buacach ag Babhta Ceannais Thráth na gCeist Gaeilge 2026

Le Jamie Ó Tuama

Bhuaigh Éadan Dóire ó Uíbh Fhailí Comórtas Náisiúnta Thráth na gCeist Gaeilge ag Babhta Ceannais na hÉireann i bPáirc an Chrócaigh le gairid.

Chríochnaigh foireann Uíbh Fhailí go láidir leis an mbua a chinntiú ach bhí fíoriomaíocht ann ó thús deireadh. Coiste Náisiúnta Gaeilge, C.L.G., a d'eagraigh an comórtas agus ba é Seán Ó Ceallaigh, iarbhuaiteoir de chuid an chomórtais, a bhí mar Mháistir na gCeisteanna ar an lá. Bhí neart ceisteanna suimiúla aige ar an lá dar ndóigh.

Ba é Ó Ceallaigh a bhronn na boinn óir ar na buaiteoirí agus na boinn airgid ar na tánaistigh ar chéimeanna Ardán Uí Ógáin.

Seo a leanas na foirne a ghlac páirt sna babhtaí ceannais:

Connachta

Ail Finn, CLG (Ros Comáin)

Barr na Cúile, CLG (Liatroim)

Cumann Iománaíochta Bhearna Na Forbacha (Gaillimh)

Ulaidh

Corr na Féinne (An Cabhán)

Tír na nÓg Port an Dúnáin (Ard Mhacha)

Gaeil Fhánada (Dún na nGall)

An Mhumhain

Cnoc na hEaglaise (Ciarraí)

An Spá, CLG (Ciarraí)

Sráid an Mhuilinn (Corcaigh)

Laighin

Éadan Doire, CLG (Uíbh Fhailí)

Cros Bhaile Coimín (Cill Mhantáin)

Cumann an Chloigthí (Áth Cliath)

GAA Ag Dul i nGleic le Bulaíocht

Tá sé mar aidhm ag CLG timpeallacht thacúil a chruthú nach nglacfar le haon chineál bulaíochta inti.

Glacaimid le cur chuige eagraíochtúil le dul i ngleic le bulaíocht agus táimid tiomanta do struchtúir agus oiliúint ábhartha a chur i bhfeidhm le déileáil le líomhaintí bulaíochta. Breathnaítear ar eachtraí bulaíochta mar sháruithe tromchúiseacha ar ár gCód Dea-Chleachtais i Spórt don Óige, Ár gCluichí – Ár gCód/ Our Games – Our Code.

Táimid tiomanta d'éiteas measa a bhaint amach chun cumas ár mball ar fad a uasmhéadú agus iad ag imirt nó páirteach inár gCluichí Gaelacha.

CÉARD IS BULAÍOCHT ANN?

Tá ana-chuid samplaí bulaíochta ann:

- **Ó BHÉAL:** iarmhairtí a bhagairt, ráflaí a scaipeadh, ainmneacha a ghlaoch, magadh, ráitis ghnéis/chiníocha/seicteacha a dhéanamh, magadh faoi chuma fhisiciúil nó cumas spóirt.
- **FISICIÚIL:** ciceáil, dorn a chaitheamh, bualadh, seile a chaitheamh, greim a bhaint, cor coise a chur i nduine, goid nó milleadh maoine agus trealaimh.
- **MOTHÚCHÁNACH:** neamhaird a thabhairt, duine a fhágáil amach, trioblóid a tharraingt ar dhuine, cúlchaint, nótaí/ litreacha/graifítí gránna a scríobh, litreacha/teachtaireachtaí téacs/ríomhphoist nó tuairimí gránna a scríobh.
- **CIBEARBHULAÍOCHT:** nuair a úsáidtear teachtaireachtaí meandracha, ríomhphoist, teachtaireachtaí téacs, leathanaigh ghréasáin nó láithreáin líonraithe shóisialta chun ráflaí a scaipeadh, bagairtí nó ciapadh a dhéanamh. D'fhéadfaí teachtaireachtaí scríofa, grianghraif, físeáin nó teachtaireachtaí béil a áireamh ann.

BULAÍOCHT A CHOSC

Tá sé de fhreagracht ar gach duine sa Chlub eachtraí Bulaíochta a chosc nó más gá, déileáil leo.

Ba cheart d'imreoirí, cóitseálaithe agus Clubanna CLG:

- ✓ Cód Iompair a chur i bhfeidhm agus iad ag obair le himreoirí faoi aois
- ✓ Timpeallacht thacúil a chruthú nach nglacfar le Bulaíocht inti
- ✓ Tacú le héiteas an Chlub go bhfuil sé 'ceart go leor insint' Frithbhulaíochta
- ✓ An tionscnamh Tabhair Meas – Tuill Meas a chur chun cinn

TABHAIR MEAS TUILL MEAS

Ár gcluichí. Ár rogha.

Tá sé de fhreagracht ar an Oifigeach Leanaí i ngach Club 'éiteas frithbhulaíochta' a chur chun cinn agus a chinntiú go gcloíonn an Club leis an gCód Dea-Chleachtais i Spórt don Óige – Ár gCluichí – Ár gCód.

DÉILEÁIL LE BULAÍOCHT

Cén chaoi a mbíonn a fhios agat gur Bulaíocht atá i gceist? Cuir na ceisteanna seo a leanas ort féin:

DÍRITHE An bhfuil an t-iompar dírithe ar ghrúpa nó ar dhuine aonair?

FAD HAn bhfuil an t-iompar seo ar siúl le tréimhse ama?

MINICÍOCHT Cé chomh minic is a bhfuil an t-iompar agus an bhfuil pátrún ann?

CUSPÓIR An é cuspóir an iompair plan/dochar/anacair a chur ar dhuine nó ar ghrúpa?

Ba cheart go mbeadh gach ball de Chlub CLG nó gach duine a fhreastalaíonn ar ár gcluichí nó gníomhaíochtaí ar an eolas nach nglactar le Bulaíocht sa CLG

TIG LE BULAÍOCHT TARLÚ

Ó Dhuine Óg go Duine Óg
Dhuine Óg go Duine Fásta
Dhuine Fásta go Duine Óg

Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha

Faigh tacaíocht d'Ár dTeanga !

Our Games – Our Heroes – Get support for Our Language!

Is scéim tacaíochta de chuid Ghlór na nGael agus de chuid Chumann Lúthchleas Gael í Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha le haghaidh clubanna CLG ar mian leo an Ghaeilge a chur chun cinn. Cuirfidh Glór na nGael cuidiú ar fáil don Oifigeach Gaeilge i bhfoirm chomhairle, tacaíochta agus idéanna le tógáil ar an obair mhaith atá á déanamh sa chlub cheana féin. Is féidir deontas a lorg ón Fhondúireacht chun cuidiú leis na pleananna sin a chur i gcrích agus bronnfar bonn ar na clubanna as méid áirithe a bhaint amach ar son na teanga.

The Joe McDonagh Foundation is a support service provided by Glór na nGael and the GAA to clubs wishing to further the Irish Language in their community. Glór na nGael will offer help to the Oifigeach Gaeilge to give them direction, support and ideas to build on the good work that has already been done within the club. Grants are available from the Foundation to help realise your plans and medals will be awarded to clubs for various levels of achievement in promotion of the language.

Glór na nGael

GAA

www.glornangael.ie

Foras na Gaeilge

S20 STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAEILGE 2010-2030 Ár dTeanga, Ár bPobal

An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht

Crannchur Náisiúnta

Freagraí

P. 10

10 X Ceist #GAAgaeilge Oraibh

1. Loch Garman
2. Malachy O'Rourke
3. Eoin Cody
4. Gaillimh
5. 4
6. Seán Ó hÓráin
7. Staid Semple
8. Cill Dara
9. Baile Gunnair
10. Dún na nGall
9. Baile Gunnair
10. Dún na nGall

P. 27

1D	O	W	L	I	N	2G					3J	
O						4A	O	N	T	R	O	I	M
I						I					M	
M			5C	U	A	L	A					
I						L		6B				
N				7C		I		A		8L		
I			9C	A	R	M	A	N	A	I	G	H
C				M		H		N		A		
				Á				I		10T	Á	
11H	12O	G	A	N				G		R		
	R						13A	A	R	O	N	
	Á		14Q					N		I		
	I		U		15O					16M	H	Í
	17S	H	E	R	L	O	C	K				
	T		A		E							
	E		L		A							
			L		18R	O	A	R	T	Y		
			Y		Y							

MÍLE BUÍOCHAS

Míle buíochas le gach duine a chuir ábhar ar fáil

don eagrán is deireanaí seo de ‘Cuaille’.

GAA TÁ ÁIT DÚINN UILIG ANN

TÁ ÁIT DÚINN UILIG ANN